# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2017**

## CUNTASAÍOCHT – GNÁTHLEIBHÉAL

**(400 marc)**

DÉ LUAIN 19 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 – 5.00

**Tá an páipéar seo leagtha amach ina 3 Roinn**:

| **Roinn 1**: **Cuntasaíocht Airgeadais** (120 marc) |
|---|
| Tá ceithre cheist sa roinn seo (Uimhreacha 1 – 4). Tá 120 marc ag gabháil leis an gcéad cheist agus 60 marc an ceann ag gabháil leis na trí cheist eile.<br>Ba chóir d'iarrthóirí **CEIST 1 amháin** a fhreagairt NÓ tabhairt faoi **DHÁ** cheann ar bith de na trí cheist eile as an roinn seo. |

| **Roinn 2**: **Cuntasaíocht Airgeadais** (200 marc) |
|---|
| Tá trí cheist sa roinn seo (Uimhreacha 5 – 7). Tá 100 marc ag gabháil le gach ceist díobh.<br>Ba chóir d'iarrthóirí **DHÁ** cheann ar bith de na ceisteanna a fhreagairt. |

| **Roinn 3**: **Cuntasaíocht Bhainistíochta** (80 marc) |
|---|
| Tá dhá cheist sa roinn seo (Uimhreacha 8 agus 9). Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist díobh.<br>Ba chóir d'iarrthóirí ceann **AMHÁIN** de na ceisteanna seo a fhreagairt. |

| **Áireamháin** |
|---|
| Is ceadmhach áireamháin a úsáid agus na ceisteanna ar an bpáipéar seo á bhfreagairt.<br>Tá sé fíorthábhachtach an t-oibriú amach a thaispeáint s(n)a f(h)reagarleabha(i)r<br>sa chaoi gur féidir creidiúint iomlán a thabhairt d'obair atá ceart. |

**ROINN 1 (120 Marc)**
Freagair **Ceist 1** NÓ **DHÁ** cheist ar bith eile

**1. Cuntais Deiridh Cuideachta Déantúsaíochta**

Baineadh na hiarmhéideanna seo a leanas as leabhair Uí Cheallaigh Teo. ar 31/12/2016:

| | € | € |
|---|---|---|
| Scairchaipiteal<br>Údaraithe - 800,000 gnáthscair ar €1 an ceann<br>Eisithe - 600,000 gnáthscair ar €1 an ceann | | 600,000 |
| Veaineanna seachadta (costas €72,000) | 50,000 | |
| Foirgnimh mhonarchan | 705,000 | |
| Trealamh monarchan (costas €350,000) | 250,000 | |
| Paitinn | 60,000 | |
| Stoc 01/01/2016 | | |
| Amhábhair | 45,000 | |
| Obair idir lámha | 15,400 | |
| Earraí críochnaithe | 63,500 | |
| Ceannach amhábhar | 360,500 | |
| Díolacháin | | 857,000 |
| Aischur isteach (aischur díolachán) | 11,000 | |
| Creidiúnaithe | | 85,000 |
| Féichiúnaithe | 82,000 | |
| Díolachán dramhábhar | | 7,400 |
| Pá monarchan | 140,000 | |
| Speansais dhíreacha | 15,000 | |
| Stáiseanóireacht | 9,000 | |
| Bintiúir 10% (eisithe 01/04/2016) | | 160,000 |
| CBL | | 14,500 |
| Soláthar in aghaidh drochfhiach | | 3,500 |
| Fógraíocht | 8,000 | |
| Árachas monarchan | 19,000 | |
| Banc | | 55,200 |
| Solas agus teas monarchan | 14,200 | |
| Iarmhéid brabúis/caillteanais 01/01/2016 | | 65,000 |
| | 1,847,600 | 1,847,600 |

Ar leanúint ar lch 3

**Tugtar an t-eolas breise seo a leanas duit**:

| | | | |
|---|---|---|---|
| (i) | Stoc ar 31/12/2016: | amhábhair | €35,000 |
| | | obair idir lámha | €22,000 |
| | | earraí críochnaithe | €60,000 |

(ii) An stoc stáiseanóireachta ar 31/12/2016 ná €700.

(iii) Tá pá monarchan le roinnt: 80% ar phá díreach agus 20% ar phá maoirseora.

(iv) Ba chóir soláthar a dhéanamh d'ús dlite ar bhintiúir.

(v) Baineann an fhógraíocht leis an mbliain dar chríoch 31/03/2017.

(vi) Tá soláthar in aghaidh dímheasa le déanamh mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Foirgnimh mhonarchan | 4% den chostas |
| Veaineanna seachadta | 10% dá luach de réir na leabhar |
| Trealamh monarchan | 15% den chostas |

(vii) Déan soláthar do cháin chorparáide €16,000.

**Iarrtar ort**:

**(a)** **Cuntas déantúsaíochta** a ullmhú don bhliain dar chríoch 31/12/2016. (40)

**(b)** **Cuntas trádála**, **brabúis agus caillteanais** a ullmhú don bhliain dar chríoch 31/12/2016. (40)

**(c)** **Clár comhardaithe** a ullmhú mar a bhí ar 31/12/2016. (40)

**(120 marc)**

**2. Dímheas agus Athluacháil Sócmhainní Seasta**

Tógadh na sonraí seo a leanas as leabhair de Cliontún Teo.:

| | |
|---|---|
| 01/01/2015 | Foirgnimh ar a gcostas €650,000 san iomlán. |
| 01/01/2015 | Iarmhéid sa chuntas soláthair in aghaidh dímheasa €56,000. |
| 01/06/2015 | Cheannaigh foirgneamh ar €120,000. |
| 01/07/2015 | Foirgneamh a chosain €100,000 díolta ar €85,000. Ba é €60,000 luach an fhoirgnimh sin de réir na leabhar ar 01/07/2015. |
| 31/12/2015 | Dímheas iomlán don bhliain dar chríoch 31/12/2015 ná €32,000. |
| 01/01/2016 | Rinneadh na foirgnimh a athluacháil ar €750,000. |
| 31/12/2016 | Soláthar in aghaidh dímheasa déanta ar ráta 3% de luach na bhfoirgneamh ar 01/01/2016. |

**Iarrtar ort a thaispeáint**:

**(a)** **Cuntas na bhfoirgneamh** don dá bhliain **2015** agus **2016**. (15)

**(b)** An **cuntas soláthair in aghaidh dímheasa** don dá bhliain **2015** agus **2016**. (20)

**(c)** **Cuntas dhiúscairt na bhfoirgneamh** don bhliain dar chríoch **31/12/2015**. (15)

**(d)** An **cuntas cúlchiste athluachála**. (10)

**(60 marc)**

**3. Taifid Neamhiomlána – Glanfhiúchas**

Níor choimeád S. Ó Dúnlaing, trádálaí aonair, sraith iomlán cuntas. Cuireadh na figiúirí seo a leanas a bhaineann leis an ngnólacht ar fáil ar 01/01/2016:

| | **€** |
|---|---|
| Áitreabh | 460,000 |
| Mótarfheithiclí ar a luach de réir na leabhar | 58,200 |
| Troscán agus trealamh ar a gcostas | 64,000 |
| Dímheas carntha ar throscán agus ar threalamh | 17,800 |
| Árachas réamhíoctha | 900 |
| Stoc | 65,400 |
| Creidiúnaithe | 16,100 |
| Speansais dlite | 3,600 |
| Féichiúnaithe | 29,000 |
| Rótharraingt bhainc | 7,300 |

**Iarrtar ort**:

**(a)** Ráiteas a ullmhú a léiríonn **glanfhiúchas/glanchaipiteal** Uí Dhúnlaing ar 01/01/2016. (30)

Thug Ó Dúnlaing an t-eolas breise seo a leanas freisin ar 31/12/2016:

(i) Le linn na bliana, aistríodh €18,000 ó chuntas pearsanta bainc go dtí cuntas bainc an ghnólachta.

(ii) Le linn na bliana, d'íoc Ó Dúnlaing €8,600 as cistí gnó i gcomhair deisiúchán ar theach príobháideach agus thóg sé freisin earraí dar luach €500 in aghaidh na míosa le haghaidh úsáid phríobháideach.

Thug Ó Dúnlaing meastachán gurbh iad na sócmhainní agus na dliteanais ghnó ar 31/12/2016 ná €990,000 agus €92,000 faoi seach, roimh lamháil dóibh seo a leanas:

- Dímheas ar throscán agus ar threalamh de réir ráta 20% dá gcostas.
- Dímheas ar mhótarfheithiclí de réir 10% dá luach de réir na leabhar.
- Speansais dlite €870.

**(b)** Ullmhaigh **ráiteas** a léiríonn **brabús nó caillteanas** Uí Dhúnlaing don bhliain dar chríoch 31/12/2016. (30)

**(60 marc)**

**4. Ceartú Earráidí agus Cuntas Fionraí**

Níor réitigh comhardú trialach Chlár Ní Fhionnghaile ar 31/12/2016 agus iontráladh an difríocht i gcuntas fionraí. Tar éis na leabhair a scrúdú, aimsíodh na hearráidí seo a leanas:

1. Breacadh iomlán leabhar na ndíolachán €16,500 i gcuntas na ndíolachán mar €15,600.
2. Bhí an leabhar aischur isteach €600 gann nuair a suimíodh go hearráideach é.
3. Breacadh earraí a ceannaíodh ó Mháire Mhic Gabhann ar cairde €650 i gcuntas Mháirtín Mhic Gabhann.
4. Níor iontráladh sna leabhair ús faighte, €300 a íocadh le seic.
5. Earraí le hathdhíol a thóg Clár Ní Fhionnghaile le haghaidh úsáid phríobháideach €800, níor iontráladh iad sna leabhair.

**Iarrtar ort**:

**(a)** Na ceartuithe is gá **a bhreacadh sa leabhar cúnta**. (35)

**(b)** **Ráiteas maidir le glanbhrabús ceartaithe** a ullmhú más ionann an glanbhrabús de réir an chuntais agus €16,800. (25)

**(60 marc)**

**Tosaíonn Roinn 2 ar leathanach 8**

→

| ROINN 2 (200 Marc) |
|---|
| Freagair **DHÁ** cheist ar bith |

**5. Léirmhíniú ar Chuntais**

Baineadh an t-eolas seo a leanas as cuntais Mhic Cogadháin Teo. don bhliain dar chríoch 31/12/2016:

**Cuntas Trádála, Brabúis agus Caillteanais don bhliain dar chríoch 31/12/2016**

| | € | € | € |
|---|---|---|---|
| Díolacháin chreidmheasa | | | 675,000 |
| **Lúide**: Costas díolachán | | | |
| Stoc 01/01/2016 | | ????? | |
| Móide: ceannacháin ar cairde | | 360,000 | |
| | | ????? | |
| Lúide: Stoc 31/12/2016 | | 16,000 | |
| Costas díolachán | | | 368,000 |
| Ollbhrabús | | | 307,000 |
| **Lúide**: Speansais iomlána (ús íoctha €8,000 san áireamh) | | | 136,000 |
| Glanbhrabús don bhliain | | | 171,000 |

**Clár comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2016**

| | € | € | € |
|---|---|---|---|
| | **Costas** | **Dímheas** | **Glanluach de réir na leabhar** |
| **Sócmhainní Seasta** | 990,000 | 40,000 | 950,000 |
| | | | |
| **Sócmhainní Reatha** (féichiúnaithe trádála €30,000 san áireamh) | | 94,000 | |
| **Lúide Creidiúnaithe**: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain | | | |
| Creidiúnaithe trádála | | 53,000 | |
| | | | 41,000 |
| | | | 991,000 |
| **Maoinithe ag**: | | | |
| **Creidiúnaithe**: suimeanna dlite tar éis níos mó ná 1 bhliain | | | |
| Bintiúir 8% (2023/2024) | | | 100,000 |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | **Údaraithe** | **Eisithe** | |
| Gnáthscaireanna ar €1 an ceann | 900,000 | 720,000 | 720,000 |
| Cuntas brabúis agus caillteanais | | | 171,000 |
| | | | 991,000 |

Ar leanúint ar lch 9

**(a)** **Iarrtar ort a ríomh**: (go 2 ionad dheachúlacha de réir mar is cuí).

(i) An figiúr don stoc tosaigh.

(ii) An ráta láimdeachas stoic.

(iii) An toradh ar chaipiteal a úsáidtear.

(iv) An tréimhse chreidmheasa a fuarthas ó chreidiúnaithe trádála. (40)

**(b)** **Mínigh** na téarmaí seo a leanas agus **luaigh an bhaint atá acu leis na cuntais**:

(i) Scairchaipiteal údaraithe

(ii) Creidiúnaithe trádála

(iii) Sócmhainní leachtacha

(iv) Ús íoctha. (40)

**(c)** (i) Ríomh an cóimheas fíorthástála do **2016** (go 2 ionad dheachúlacha).

(ii) Cad a deir an cóimheas seo linn mar gheall ar Mhac Cogadháin Teo.? (10)

**(d)** Ba é an toradh ar chaipiteal in úsáid do Mhac Cogadháin Teo. in **2015** ná 16%.

Déan trácht ar bhrabúsacht Mhic Cogadháin Teo. in **2016**. (10)

**(100 marc)**

**6. Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid**

Baineadh an t-eolas seo a leanas as leabhair de Barra Teo.:

| **Brabús agus caillteanas (sliocht) don bhliain dar chríoch 31/12/2016** | **€** |
|---|---|
| Brabús oibriúcháin | 70,000 |
| Ús íoctha | (13,000) |
| | 57,000 |
| Cáin | (24,000) |
| | 33,000 |
| Díbhinní íoctha | (8,000) |
| Brabús coinnithe | 25,000 |
| Iarmhéid brabúis agus caillteanais 01/01/2016 | 136,000 |
| Iarmhéid brabúis agus caillteanais 31/12/2016 | 161,000 |

| **Cláir Chomhardaithe mar a bhí ar** | **31/12/2016** | | **31/12/2015** | |
|---|---|---|---|---|
| | **€** | **€** | **€** | **€** |
| **Sócmhainní Seasta** | | | | |
| Talamh agus foirgnimh | 880,000 | | 740,000 | |
| Lúide soláthar in aghaidh dímheasa | (110,000) | 770,000 | (85,000) | 655,000 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | |
| Stoc | 43,000 | | 37,000 | |
| Féichiúnaithe | 29,000 | | 26,000 | |
| Banc | 8,000 | | 15,000 | |
| | 80,000 | | 78,000 | |
| **Lúide Creidiúnaithe**: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain | | | | |
| Creidiúnaithe | 45,000 | | 36,000 | |
| Cáin | 24,000 | | 20,000 | |
| | (69,000) | | (56,000) | |
| **Glansócmhainní Reatha** | | 11,000 | | 22,000 |
| **Glansócmhainní Iomlána** | | 781,000 | | 677,000 |
| | | | | |
| **Maoinithe ag** | | | | |
| **Creidiúnaithe**: suimeanna dlite tar éis 1 bhliain | | | | |
| Bintiúir 7% | | 145,000 | | 115,000 |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | | | | |
| Gnáth-scairchaipiteal eisithe | | 450,000 | | 420,000 |
| Scairbhiseach | | 25,000 | | 6,000 |
| Cuntas brabúis agus caillteanais | | 161,000 | | 136,000 |
| | | 781,000 | | 677,000 |

Ar leanúint ar lch 11

**Iarrtar ort**:

**(a)** An brabús oibriúcháin a **réiteach** leis an nglansreabhadh airgid isteach/amach ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin. (30)

**(b)** An **ráiteas faoi shreabhadh airgid** a ullmhú do de Barra Teo. don bhliain dar chríoch 31/12/2016 faoi na ceannteidil seo a leanas:

1. Gníomhaíochtaí oibriúcháin
2. Toradh ar infheistíochtaí agus ar fhónamh ar airgeadas
3. Cáin
4. Caiteachas caipitil agus infheistíocht airgeadais
5. Díbhinní cothromais íoctha
6. Maoiniú. (60)

**(c)** An glanshreabhadh airgid a **réiteach** leis an athrú ar na glanfhiacha. (10)

**(100 marc)**

**7. Cuntais Chlub**

San áireamh i sócmhainní agus i ndliteanais Chlub Gailf Chill Tiarnáin ar 01/01/2016 bhí siad seo a leanas:

Clubtheach €650,000; talamh €290,000; trealamh €25,000; infheistíochtaí €50,000; stoc beáir €8,100; creidiúnaithe beáir €3,800; síntiúis réamhíoctha na mball €1,500; airgead ar láimh €3,600.

**Iarrtar ort**:

**(a)** Ráiteas a ullmhú a léiríonn **ciste carntha** an chlub ar 01/01/2016. (20)

Is achoimre ar fháltais agus ar íocaíochtaí an chlub don bhliain 2016 é seo a leanas.

**Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí don bhliain dar chríoch 31/12/2016**

| **Fáltais** | **€** | **Íocaíochtaí** | **€** |
|---|---|---|---|
| Airgead ar láimh 01/01/2016 | 3,600 | Duaiseanna lató an chlub | 28,000 |
| Díolacháin bheáir | 32,300 | Speansais ghinearálta | 24,800 |
| Síntiúis | 62,400 | Ceannacháin bheáir | 28,600 |
| Ús ar infheistíochtaí | 1,700 | Ceannach trealaimh | 3,600 |
| Fáltais lató an chlub | 58,000 | Árachas | 5,600 |
| Urraíocht bhliantúil | 15,000 | Iarmhéid airgid 31/12/2016 | 82,400 |
| | **173,000** | | **173,000** |

Thug an cisteoir an t-eolas seo a leanas freisin ar 31/12/2016:

(i) Stoc bheáir €9,200.

(ii) Creidiúnaithe beáir €2,400.

(iii) Síntiúis dlite €2,600.

(iv) Speansais ghinearálta dlite €1,100.

(v) Tá dímheas de 20% le déanamh ar threalamh a bhí ann ar 31/12/2016.

(vi) Déan an clubtheach a dhímheas de 2% den chostas.

**Iarrtar ort**:

**(b)** **Cuntas trádála beáir** a ullmhú don bhliain dar chríoch 31/12/2016. (8)

**(c)** **Cuntas ioncaim agus caiteachais** an chlub a ullmhú don bhliain dar chríoch 31/12/2016. (34)

**(d)** **Clár comhardaithe** an chlub mar a bhí ar 31/12/2016 a ullmhú. (30)

**(e)** Mínigh an difríocht idir an t-iarmhéid deiridh sa chuntas ioncaim agus caiteachais mar a ríomhadh i bpáirt (c) thuas agus an t-iarmhéid deiridh de €82,400 sa chuntas fáltas agus íocaíochtaí a thaispeántar thuas.

(8)

**(100 marc)**

**ROINN 3 (80 Marc)**
Freagair ceist **AMHÁIN** ar bith

**8. Costáil Ionsúcháin**

Tá na figiúirí buiséadaithe seo a leanas ag Fálú Teo, cuideachta bheag jabtháirge, don bhliain seo chugainn:

| | |
|---|---|
| Ábhair dhíreacha | €420,000 |
| Saothar díreach | €134,400 |
| Forchostais mhonarchan | €120,000 |
| Uaireanta buiséadaithe de shaothar díreach | 16,000 uair an chloig |
| Uaireanta meaisín buiséadaithe | 8,000 uair an chloig |

**(a) Iarrtar ort a ríomh**:

(i) An ráta ionsúite forchostais san **uair de shaothar díreach**.

(ii) An ráta ionsúite forchostais san **uair mheaisín**.

Is iad seo a leanas sonraí **Jab Uimhir 562** le haghaidh custaiméara:

| | |
|---|---|
| Ábhair dhíreacha | €20,000 |
| Uaireanta de shaothar díreach | 260 uair an chloig |
| Uaireanta meaisín | 170 uair an chloig |

**Iarrtar ort**:

**(b)** Costas Jab Uimhir 562 a ríomh agus úsáid á baint as an ráta ionsúite forchostais san **uair mheaisín**.

**(c)** Costas Jab Uimhir 562 a ríomh agus úsáid á baint as an ráta ionsúite forchostais san **uair de shaothar díreach**.

**(d)** **Praghas díola** Jab Uimhir 562 a ríomh agus úsáid á baint as ráta ionsúite forchostais an **tsaothair** (mar a ríomhadh in (a) thuas agus ag glacadh le marcáil suas de 20% ar an gcostas).

**(e)** Luaigh **dhá** chúis ar gá do ghnólacht costphraghas táirge a ríomh.

**(80 marc)**

**9. Buiséadú Táirgí**

Déanann Cluichí Teo dhá chineál game boys ar a dtugtar '**Game Boy Póca**' agus '**Game Boy Éadrom**'. Tá díolacháin an dá chineál game boy agus eolas ábhartha eile don bhliain seo chugainn buiséadaithe thíos:

| | **Game Boy Póca** | **Game Boy Éadrom** |
|---|---|---|
| Díolacháin bhuiséadaithe | 4,500 aonad | 2,400 aonad |
| Praghas díola ionchasach | €30 | €40 |

| **Stoc Ionchasach – Earraí Críochnaithe** | **Game Boy Póca** | **Game Boy Éadrom** |
|---|---|---|
| Stoc tosaigh | 650 | 410 |
| Stoc ar deireadh | 520 | 340 |

| **Méid agus Costais Ábhar** | **Ábhar A** | **Ábhar B** |
|---|---|---|
| Game Boy Póca | 5 ghram | 6 ghram |
| Game Boy Éadrom | 2 ghram | 3 ghram |
| Luach ceannaigh ionchasach in aghaidh an ghraim | €5 | €3 |

| **Stoc Ionchasach - Amhábhair** | **Ábhar A** | **Ábhar B** |
|---|---|---|
| Stoc tosaigh | 160 gram | 290 gram |
| Stoc ar deireadh | 200 gram | 330 gram |

| **Am an tSaothair Dhírigh in Uaireanta an Chloig** | |
|---|---|
| Game Boy Póca | 3 huaire an chloig |
| Game Boy Éadrom | 4 huaire an chloig |

| **Ráta an tSaothair Dhírigh in aghaidh na huaire** | €9 |
|---|---|

**Iarrtar ort**:

**(a)** Buiséad díolacháin a ullmhú ina **aonaid** agus ina **€**.

**(b)** Buiséad **táirgeachta** a ullmhú ina aonaid.

**(c)** Buiséad **úsáid ábhair** a ullmhú ina aonaid.

**(d)** **Buiséad ceannacháin ábhair** a ullmhú ina **aonaid** agus ina **€**.

**(e)** Buiséad **saothair** (pá) a ullmhú.

**(f)** **Cén fáth** a n-ullmhódh Cluichí Teo buiséad táirgeachta?

**(80 marc)**

Leathanach Bán

Leathanach Bán